Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11106 – STELLANTIS / MICHELIN / FORVIA / SYMBIO)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 215/06)

1. An 12 Meitheamh 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— PSA Automobiles SA (an Fhrainc), atá faoi rialú deiridh Stellantis N.V., cuideachta shealbhaíochta Stellantis Group ('Stellantis', an Ísiltír),

— Spika SAS (an Fhrainc), atá faoi rialú deiridh Compagnie Générale des Etablissements Michelin, cuideachta shealbhaíochta Michelin Group ('Michelin', an Fhrainc),

— Faurecia Exhaust International (an Fhrainc), atá faoi rialú deiridh Faurecia SE, máthairchuideachta Forvia Group ('Forvia', an Fhrainc), agus

— Symbio SAS ('Symbio', an Fhrainc).

Gheobhaidh Stellantis, Michelin agus Forvia comhrialú iomlán ar Symbio de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir trealaimh bhunaidh ilnáisiúnta do mhótarfheithiclí agus déileálaí mótarfheithiclí é Stellantis,

— Is monaróir domhanda Francach é Michelin atá gníomhach go príomha i dtáirgeadh bonn le haghaidh mótarfheithiclí agus aerárthaí,

— Is monaróir domhanda Francach páirteanna do mhótarfheithiclí é Forvia,

— Is monaróir Francach de chórais breosla-chille agus aonaid chumhachta breosla-chealla é Symbio.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11106 – STELLANTIS / MICHELIN / FORVIA / SYMBIO

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË